An Garda Síochána

Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail
Feasacháin

R4 2017

Taighde arna stiúradh ag amárach research

Cuireann an feasachán seo príomhthorthaí ón ceathrú ráithe den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2017 i láthair

Fiafraíodh de dhaoine faoina dtuairimí i leith na coireachta náisiúnta agus áitiúla; má bhain íospairt dóibh le bliain anuas, cibé ar thuairiscigh nó nár thuairiscigh siad an choir sin, agus a sástacht leis an gcaoi a láimhseáil an Garda Síochána a n-eachtraí. Fiafraíodh d'fhreagróirí chomh maith faoina leibhéal imní faoi bheith ina n-íospartach, a n-eagla faoi choireacht, chomh maith leis an tionchar a bhíonn ag an gcoireacht ar a gcáilíocht beatha. Fiafraíodh díobh cé na coireanna ar chóir don Gharda Síochána díriú orthu dar leo; cé chomh feiceálach agus atá patróil an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil; chomh maith lena leibhéal muiníne, sástachta agus tuairimí foriomlána i leith eagraíocht an Gharda Síochána.

Tá an suirbhé deartha le bheith ar siúl ar bhonn leanúnach (déanann sé suirbhéireacht leanúnach ar an daonra) le suirbhé á dhéanamh ar 1,500 duine gach ráithe. Bailíodh sonraí trí mheán agallamh sa bhaile, duine le duine. Tá na torthaí ardleibhéil a chuirtear i láthair san fheasachán seo bunaithe ar shonraí arna n-ualú de réir aoise, inscne, aicme sóisialta agus náisiúntachta.

Is suirbhé é seo a dhéantar ar shampla randamach den daonra; dá réir sin caithfimid glacadh leis go mbeidh lamháil earráide éigin ann. Táthar tar éis é sin a ríomh ag +/- 2.53 faoin gcéad don sampla ráithiúil. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go méadaítear an lamháil earráide agus an anailís á déanamh ar choibhnis níos lú. Ba chóir go dtabharfaí an méid sin ar aird agus anailís i leith íospartaigh na coireachta á scrúdú. Ní hionann gach cairt ina mbaintear úsáid as céatadáin agus 100 faoin gcéad mar gheall ar shlánú figiúirí.

CLÁR

2	Tuairimí i leith na Coireachta
2	Íospairt
3	Eagla agus imní faoin gcoireacht
3	Infheictheacht an Gharda Síochána
4	Sástacht leis an nGarda Síochána
4	Muinín sa Gharda Síochána
4	Caitheamh comhionann ag an nGarda Síochána
5	Tuairimí i leith Eagraíocht an Gharda Síochána Organisation
6	Conclúid

Déimeagrafaic

Is ionann an sampla agus 1,500 duine fásta 18 bliain d'aois agus níos sine.



Tuairimí i leith na Coireachta

I R4 2017, bhraith 72% de fhreagróirí go raibh an choireacht náisiúnta mar fhadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach, anuas 5% ón tréimhse céanna in 2016.

Idir an dá shuirbhé is déanaí, bhí laghdú breise (-4%) i líon na bhfreagróirí a mheas gur fhadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach a bhí i gcoireacht náisiúnta.

I gcomparáid leis sin, le linn an ceathrú ráithe de 2017, níor mheas ach 19% de na freagróirí gur fadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach a bhí i gcoireacht náisiúnta.

Ó R4 i leith, tá athrú idir 18 agus 20% ar líon na bhfreagróirí a mheas gur fhadhb an-tromchúiseach nó tromchúiseach a bhí i gcoireacht náisiúnta.

Tuairimí i leith na Coireachta Náisiúnta



Tuairimí i leith an Coireachta Áitiúla



Fadhb an-tromchúiseach Fadhb thromchúiseach Fadhb éigin Fadhb ar bith

Íospairt





Le linn R4 2017, b'ionann an ráta íospartha[1] agus díreach os cionn 6%[2] agus mhaígh 88%[3] d'íospartaigh a cuireadh faoi agallamh gur thuairiscigh siad an eachtra coire is déanaí a bhain leo leis an nGarda Síochána.

Thar roinnt ráithí suirbhé tá an ráta íospartach suas agus síos thart ar 6%, agus le linn 2017 tá cion na n-íospartach ag tuairisciú coireanna leis an nGarda Síochána ag dul i méid.

B'ionann an tsástacht i measc íospartaigh na coireachta i rith R4 2017 (a thuairiscigh an choir a bhain dóibh leis an nGarda Síochána) agus 55%, sin laghdú 7% ó R4 2016. Bhí méadú beagán, áfach, idir an dá ráithe suirbhé is déanaí.

Tá laghdú leanúnach ar chion na n-íospartach a bhraitheann gur soláthraíodh an méid eolais ceart dóibh thar na suirbhéanna is déanaí.

1 Airíodh leis sin a bheith i d'íospartach buirgléireachta, gadaíochta, damáiste choiriúil, ionsaithe nó calaoise.

2 93 freagróir a d'fhulaing íospairt le 12 mí anuas.

3 82 íospartach a thuairiscigh a gcoir leis an nGarda Síochána.

Eagla agus Imní faoin gCoireacht

I rith R4 2017, thuairiscigh 48% d'fhreagróirí nach raibh siad imníoch faoi bheith ina n-íospartach coireachta; tá sé sin measartha cobhsaí ó R4 2016. I measc na ndaoine úd a bhí imníoch faoi a bheith ina n-íospartach; bhí 3% imníoch faoi bheith ina n-íospartach díobhála pearsanta, bhí 9% imníoch faoi ghoid nó damáiste maoine, agus bhí 40% imníoch faoi bheith ina n-íospartach an dá cheann.

I rith R4 2017, thuairiscigh 40% d'fhreagróirí nach raibh imní ar bith orthu faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne; tá sé sin ag dul i méid thar na pointe tomhais is deireanaí. Astu siúd a thuairiscigh a bheith imníoch faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne, bhain go leor imní do 4% acu, bhain roinnt imní do 27% acu, agus thuairiscigh 29% gur bheag imní a bhí orthu.

Thuairiscigh seasca hocht faoin gcéad d'fhreagróirí nach raibh tionchar ar bith ag an imní roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha. Tá méadú tagtha ar sin i gcomparáid le leibhéil R4 2016, ach tá na daoine sin a thuairiscigh nach bhfuil tionchar ag an imní roimh choireacht ar cháilíocht a mbeatha ag dul i laghad le roinnt ráithí suirbhé. I measc na ndaoine úd a chreid go ndeachaigh an imní roimh choireacht i bhfeidhm ar cháilíocht a mbeatha, mhaígh 21% gur laghdaíodh an cháilíocht beagán, thuairiscigh 8% gur laghdaíodh an cháilíocht go measartha, agus mhaígh 1% gur laghdaíodh an cháilíocht go mór.



Infheictheacht an Gharda Síochána

B'fheasach do 36% d'fhreagróirí faoi phatróil an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil i R3 2016. Tá sé sin measartha cobhsaí ó R6 2016.

I R4 2017, mheas 44% d'fhreagróirí go raibh líon an Gharda Síochána ar an láthair ina gceantar áitiúil thart ar an leibhéal ceart. Tá sé sin ag dul suas agus síos idir 40 agus 45% le roinnt ráithí suirbhé le déanaí.

Patróil Áitiúla an Gharda Síochána



Láithreacht an Gharda Síochána go hÁitiúil



Sástacht leis an nGarda Síochána

I R4 2017, thuairiscigh 70% (bhí 10% an-sásta agus thuairiscigh 60% go raibh siad sásta) d'fhreagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís a sholáthar an Garda Síochána do phobail áitiúla, mhaígh 17% go raibh siad measartha míshásta, thuairiscigh 4% go raibh siad an-mhíshásta agus d'fhreagair 9% nach raibh a fhios acu.

Thar roinnt ráithí suirbhé le déanaí, tá sástacht leis an tseirbhís arna soláthar ag an nGarda Síochána ag athrú idir 69 agus 74%.

Sásta leis an tseirbhís arna soláthar ag an nGarda Síochána



Muinín sa Gharda Síochána

I R4 2017, mhaígh 89% d'fhreagróirí go raibh leibhéal muiníne idir meánach agus ard acu sa Gharda Síochána.

Ag cur R4 2017 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh, tá laghdú dhá phointe céatadán tagtha ar mhuinín sa Gharda Síochána.



Caitheamh Comhionann ag an nGarda Síochána

Cuireadh dhá cheist nua i ndáil leis an gcóir chomhionann ag An Garda Síochána leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail sa bhliain 2017.

I R4 2017, d'aontaigh 92% d'fhreagróirí go mbeadh meas ag an nGarda Síochána ort dá mbeadh teagmháil agat leo ar chúis ar bith. Ó R1 2017 i leith, tá cion na bhfreagróirí a d'aontaigh leis an ráiteas sin 90% nó os a chionn.

Nuair a fiafraíodh d'fhreagróirí an gcaitheann an Garda Síochána sa limistéar go cothrom le gach duine, is cuma faoina gcúlra, d'aontaigh 82%. Mar an gcéanna, tá cion na bhfreagróirí a d'aontaigh os cionn 80% ó cuireadh an cheist sa suirbhé.



Tuairimí i leith Eagraíocht an Gharda Síochána

I R4 2017, d'aontaigh 87% d'fhreagróirí go bhfuil An Garda Síochána cairdiúil agus cuiditheach; d'aontaigh; d'aontaigh 65% go raibh an eagraíocht dírithe ar an bpobal; mheas 57% gur eagraíocht nua-aimseartha agus forásach atá inti; thuairiscigh 55% go bhfuil An Garda Síochána éifeachtach maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht; agus d'aontaigh 38% go bhfuil an eagraíocht dea-bhainistithe, mheas 35% go soláthraíonn An Garda Síochána seirbhís póilíneachta den chéad scoth.

Tá dearcaí i leith eagraíocht an nGarda Síochána feadh bhearta éifeachtachta agus cumais measartha cobhsaí thar roinnt ráithí suirbhé le déanaí. Tá an éagsúlacht is mó le feiceáil i bhfreagróirí a aontaíonn go bhfuil an Garda Síochána dea-bhainistithe; d'aontaigh 45% i R4 2016, ach thit sé sin go 38% le linn an phointe tomhais dheireanaigh. Tá dearcaí dearfacha go ginearálta ag freagróirí maidir le cumas an Gharda Síochána a bheith cairdiúil agus cuiditheach, dírithe ar an bpobal, chomh maith le bheith nua-aimseartha agus forásach.



Conclúid

Is ionann an tuairisc achomair seo faoin Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail agus an ceathrú ceann i sraith feasachán a fhoilseofar ar bhonn ráithiúil ag an nGarda Síochána. Tá feasacháin agus tuarascálacha bliantúla ar fáil ag www.garda.ie.

Measann formhór mór d'fhreagróirí go bhfuil an choireacht ina fhadhb náisiúnta ní ba thromchúisí ná ina gceantar áitiúil, cé go bhfuil laghdú beagán ar líon na bhfreagróirí a thuairiscíonn coireacht náisiúnta a bheith ina fhadhb an-tromchúiseach agus tromchúiseach le roinnt ráithí suirbhé le déanaí.

Le linn 2017, tá an ráta íospartha ag dul suas agus síos ag thart ar 6%. Bhí cion na n-íospartach a thuairiscigh a gcoireanna leis an nGarda Síochána ag 88% le linn R4 2017. Idir an dá ráithe suirbhé is déanaí, tá méadú tagtha ar shástacht i measc íospartach, ach tá sé 7% níos lú ná an tréimhse chéanna in 2016. Tá líon na n-íospartach a thuairiscigh go bhfuair siad an méid eolais cheart ón nGarda Síochána fós ag laghdú ó R3 2016 i leith.

Tá tuairiscí imní faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne, an dóchúlacht, dar le híospartaigh, go dtarlóidh coir dóibh, agus leibhéal tionchair imní na bhfreagróirí roimh an gcoireacht ar cháilíocht a mbeatha cobhsaí le roinnt ráithí suirbhé anuas.

Tá an fheasacht i leith phatróil an Gharda Síochána ag 36% maidir le R4 2017. Tá dearcaí i leith líon an Gharda Síochána ar an láthair tá méadaithe le dhá ráithe suirbhé anuas, tá sé 4% os cionn leibhéal R4 2016.

Thuairiscigh 70% d'fhreagróirí go raibh siad sásta leis an tseirbhís arna soláthar ag an nGarda Síochána do phobail áitiúla. Tá sé sin ag dul suas agus síos idir 69 agus 74% thar na cúig pointe tomhais is deireanaí.

Tá muinín an phobail in eagraíocht an Gharda Síochána fós ard ag 88%.

Chreid formhór mór na bhfreagróirí go mbeadh meas ag an nGarda Síochána orthu, nó ar dhaoine eile, is cuma faoina gcúlra, dá mbeadh teagmháil acu leo ar chúis ar bith.

Cé to bhfuil méaduithe beaga tagtha feadh na mbeart maidir le éifeachtacht agus cumas eagraíocht an Gharda Síochána le roinnt suirbhéanna anuas, níl formhór díobh leanúnach nó feabhsaithe.